



An Rialálaí  
Carthanas  
Charities  
Regulator

# Treoirnóta maidir le pleanáil

### **Séanadh Dlíthiúil**

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

# Treoirnóta maidir le pleanáil

## Réamhrá

---

Is gá do gach carthanas pleanáil a dhéanamh ionas gur féidir leo treoir a thabhairt agus a chinntiú go gcloíonn siad lena gchuspóir carthanúil. Ba cheart cur síos a dhéanamh i do chuspóir carthanúil ar cé na torthaí a bunaíodh an carthanas chun iad a bhaint amach, conas a bhainfidh sé na torthaí sin amach, cé a bhainfidh tairbhe as na torthaí sin agus cén áit a mbeidh an tairbhe le brath. Cabhróidh dea-phleanáil lena chinntiú go leanann do charthanas le bheith dírithe agus éifeachtach agus lena chinntiú go mbíonn gach duine ag obair chun sprioc choiteann a bhaint amach.

Is féidir nach mbeidh plean doiciméadaithe ar leith ag teastáil ó charthanais an-bheag. Mar sin féin, ba cheart dóibh a gcuid pleananna agus na hacmhainní a theastóidh uathu a phlé agus a chomhaontú go fóill. Ba cheart iad sin a thairfeadh i miontuairiscí ar chruinnithe boird.

## Pleanáil agus do chuspóir carthanúil

---

Is gá pleananna a bheith bunaithe ar do chuspóir carthanúil. Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a phleanáil cad a dhéanfaidh an carthanas chun a chuspóir carthanúil a bhaint amach, buiséadú do na hacmhainní a theastóidh ón gcarthanas chun a phleananna a chur i gcrích, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann an carthanas agus deimhin a dhéanamh de go mbíonn an obair sin ábhartha.

## Céimeanna den Phróiseas Pleanála

---

Is féidir an próiseas pleanála a roinnt sna céimeanna seo a leanas:

- Taighde agus comhairliúchán;
- Do spriocanna agus do chuspóirí a phlé;
- Plean agus buiséad a dhréachtú;
- An plean atá beartaithe a phlé agus a chomhaontú;
- Faireachán agus meastóireacht.

Tá gach céim den phróiseas pleanála leagtha amach ar bhealach níos mine thíos:

### Taighde agus Comhairliúchán

Is gá dul i mbun taighde agus comhairliúcháin ar mhaithe le dea-phleanáil a dhéanamh. I dtús an phróisis, ba cheart d'iontaobhaithe carthanais láidreachtaí agus laigí an charthanais agus na deiseanna agus na bagairtí atá roimhe a shainaithint. Is féidir gur fiú na ceisteanna seo a leanas a bhreithniú ar dtús:

- Cé chomh maith agus a bhíonn a chuspóir carthanúil á bhaint amach ag do charthanas?
- Cé na láidreachtaí atá agat faoi láthair?
- An bhfuil aon réimsí ann ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh?
- An bhfuil aon deiseanna, dúshláin nó rioscaí nua ann?
- Cé na nithe ar éirigh leo i bpleananna roimhe agus ar foghlaimíodh aon cheachtanna a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i bplean nua?

Cé gur ar iontaobhaithe carthanais atá an phríomhfhreagracht as pleanáil a dhéanamh, ba cheart do charthanas féachaint le dul i gcomhairle leis an oiread leas-sealbhóirí agus is féidir, amhail tairbhíthe, maoinitheoirí, eagraíochtaí comhpháirtíochta, fostaithe agus oibrithe deonacha. Is féidir le leas-sealbhóirí smaointe a sholáthar agus cabhrú le teacht ar réitigh fhéideartha nuair a bhíonn deis acu rannchuidiú go luath le próiseas cinnteoireachta. Is minic a thagann leas-sealbhóirí ó chúlraí difriúla agus, dá réir sin, tugann siad faoi nithe ar bhealaí difriúla freisin.

### Do spriocanna agus do chuspóirí a phlé

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais sainaithint a dhéanamh ar spriocanna agus cuspóirí sonracha lena gcumasódh don charthanas a chuspóir carthanúil a chur ar aghaidh. Is é is spriocanna ann ná ráitis ghinearálta ar éachtaí inmhianaithe agus is é is cuspóirí ann ná na bearta nó na gníomhartha sonracha a bhfuil sé beartaithe agat iad a dhéanamh chun do sprioc a chomhlíonadh. Tá sé tábhachtach fios a bheith agat ar na nithe ba mhaith leat a bhaint amach agus ar an dóigh a dtomhaisfidh tú d'fheidhmíocht ina leith sin. Ba cheart cuspóirí a bheith:

- Sonrach – áit a dtabharfar léiriú beacht ar na nithe ba cheart a dhéanamh;
- Intomhaiste – áit a sainaithneofar an dóigh a bhféadfaí dul chun cinn a rianú;
- Inghnóthaithe – áit a mbainfear na cuspóirí amach laistigh den am atá ar fáil agus laistigh de na hacmhainní atá ar láimh;
- Ábhartha – áit a gcabhrófar go soiléir leis an eagraíocht a cuspóir a bhaint amach;
- Faoi cheangal ama – áit a sainaithneofar an tréimhse ama ar laistigh de ba cheart an cuspóir a bhaint amach.

## Plean agus buiséad a dhréachtú

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanasais smaoineamh faoi na nithe a dhéanfaidh an carthanas le linn na chéad tréimhse pleanála eile agus ba cheart dóibh a fháil amach cé na cistí agus na hacmhainní eile a theastóidh agus cén áit ar féidir iad sin a fháil (Féach Aguisín A chun teacht ar phlean bliantúil teimpléadach).

Is é is buiséad bliantúil ann ná meastachán ar an gcostas a bheidh ar gach rud le linn na bliana. Ba cheart breac-chuntas a thabhairt sa bhuiséad ar ioncam agus caiteachas réamh-mheasta an charthanasais sa bhliain atá le teacht. Más rud é go mbeidh an carthanas ag gabháil do roinnt tionscadal difriúil, is féidir gur fiú buiséad ar leith a dhréachtú do gach ceann díobh. Beifear in ann na buiséid sin a chomhdhlúthú ina mbuiséad bliantúil aonair don charthanas ina dhiaidh sin. Toisc go mbíonn buiséid bhliantúla bunaithe ar mheastacháin, is gá d'iontaobhaithe carthanasais aon toimhdí a úsáideadh le linn a n-ullmhúchán a thaispeáint go soiléir (Féach Aguisín B chun teacht ar bhuiséad bliantúil teimpléadach).

Cé gur cheart do dhuine amháin freagracht a ghlacadh as an bplean agus an buiséad a dhréachtú, is féidir le daoine eile ionchur a sholáthar freisin agus an dréacht á fhorbairt.

## An plean atá beartaithe a phlé agus a chomhaontú

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanasais breac-chuntas soiléir a thabhairt ar na ról, na freagrachtaí agus na bunspricanna inghnóthaithe atá i gceist leis an bplean agus ar na hamlínte ina mbainfear amach é. Ba cheart don bhord iontaobhaithe carthanasais an plean atá beartaithe a phlé, a chomhaontú agus a cheadú.

## Faireachán agus meastóireacht

Tá seans ann go dtiocfaidh athrú ar imthosca. Mar sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú ar do phleananna agus go rianófaí do dhul chun cinn ar bhonn rialta. Ba cheart d'iontaobhaithe carthanasais tuiscint a bheith acu ar an timpeallacht sheachtrach ina n-oibríonn an carthanas agus ba cheart dóibh bheith in ann freagairt don timpeallacht sin. Más gá, athraigh an dóigh a mbíonn do ghníomhaíochtaí á gcur i gcrích agat. Déan iarracht ag an am céanna cloí le do spricanna agus do chuspóirí bunaidh.

Ba cheart faireachán rialta a dhéanamh ar bhuiséad bliantúil an charthanasais. Ba cheart ioncam agus caiteachas iarbhír a chur i gcomparáid le hioncam agus caiteachas réamh-mheasta agus ba cheart don bhord iontaobhaithe carthanasais plé agus scrúdú a dhéanamh ar aon difríochtaí ábhartha.

Is gá d'iontaobhaithe carthanasais tuiscint shoiléir a bheith acu ar dhifríochtaí dearfacha agus ar dhifríochtaí diúltacha. Bítear ag iarraidh difríocht dhearfach a bhaint amach ó thaobh ioncaim de. Os a choinne sin, bítear ag iarraidh difríocht dhiúltach a bhaint amach ó thaobh caiteachais de, áit arb ísle an caiteachas iarbhír ná an caiteachas ar buiséadaíodh dó.

Is féidir go dtiocfaidh fadhbanna chun cinn i gcás go measfar costais faoina luach, go dtabhófar costais nach rabhthas ag súil leo nó nach bhfaighfear ioncam a rabhthas ag coinne leis. Is féidir go dtiocfaidh fadhbanna chun cinn freisin i gcás go mbeidh caiteachas dlite sula bhfaighfear ioncam. Más rud é gur beag cúlchiste airgid atá agat nó nach bhfuil aon chúlchistí airgid ar bith agat, tá sé tábhachtach go ndéanfaí dlúthfhaireachán air sin. Más rud é go dtagann easnaimh chun cinn, is féidir go mbeidh ort acmhainní breise a chruinniú, costais a ghearradh, nó a chomhaontú nach mbainfear cuspóirí áirithe amach sa tréimhse ama réamh-mheasta.

Ag deireadh na tréimhse pleanála, ba cheart d'iontaobhaithe carthanais díospóireacht a sheoladh ar na nithe ar éirigh leo agus ar na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh. Ar éirigh leat do spriocanna agus do chuspóirí a chomhlíonadh? Cén dóigh ar thomhais tú an t-éacht sin? Cé na ceachtanna is féidir leat a fhoghlaim ó d'éachtaí agus ó do theipeanna? Mar iontaobhaí carthanais, ba cheart duit meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh maith agus a d'fhreastail tú ar na riachtanais atá ag úsáideoirí seirbhíse agus tairbhíthe an charthanais nó ar cé chomh maith agus a bhainistigh tú cistí agus acmhainní eile an charthanais. Cabhróidh sé sin leat a thuiscint cén fáth ar thit nithe amach ar an dóigh ar thit siad amach. Is dóigh go gcabhróidh sé leat freisin feabhas a chur ar d'fheidhmíocht amach anseo, a chinntiú go mbíonn fíordhifriocht á déanamh ag do charthanas, agus luach do chuid oibre a léiriú i do chumarsáidí le leas-sealbhóirí.

## Doiciméid Ábhartha Eile

---

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na treoirdhoiciméid '[Bainistíocht Riosca do Charthanais](#)' agus '[Treoirlínte do Charthanais maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais](#)'.